



**Coiste Iniúchta an Roinn
Gnóthaí Eachtracha**

tuarascáil bhliantúil 2008



**Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha**

Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	1
Ballraíocht an Choiste Iniúchta	3
Cairt an Choiste Iniúchta	4
Oibríocht an Choiste Iniúchta	5
Coiste Iniúchta na Roinne	6
1. Struchtúr na Roinne	6
2. Tímpeallacht Eachtrach	6
3. Aidhmeanna Ard-Leibhéal, 2008-2010	7
4. Athbhreithniú ar na hÓcáidí Príomha	7
5. Eagraithe Iniúchta na Roinne	8
Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2008	10
1. Córais Bhainistíochta Eolais agus Smachta Inmheánacha	10
2. Iniúchadh Inmheánach	10
3. Meastóireacht	16
4. Riosca a Aithint	18
5. Gnéithe Eagraíochta agus Acmhainne	20
Aguisín 1 – Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2008	24
Aguisín 2 – Doiciméid Tábhachtacha gur Bhreathnaigh an Coiste Iniúchta Orthu	25
Aguisín 3 – Léiriúcháin Faighte ag an gCoiste Iniúchta	26
Aguisín 4 – Achoimre ar an gCaiteachas 2008	27
Aguisín 5 – Iniúchtaí, Luachálacha agus Athbhreithnithe Luach As an Airgead i 2008	29

Ráiteas an Chathaoirligh 2008

Ráiteas ag Cathaoirleach Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtrach

Tá áthas ar Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtrach a chúigiú tuairisc bhliantúil a thabhairt do Rúnaí Ginearálta an Roinn Gnóthaí Eachtrach atá mar oifigeach cuntasáiochta do Vótaí 28 agus 29. Baineann an tuairisc seo lenár gclár oibre le haghaidh 2008. Ciallaíonn am agus sceideal an iniúchta go mbaineann na tuairiscí gur dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú orthu le linn 2008 go minic leis an gcaiteachas a bhain leis na blianta roimh 2008. Tá sé seo fíor, chomh maith, i gcás na dtuairiscí luachála, ina mbaineann na tuairiscí luachála gur dhein an Coiste Iniúchta luacháil orthu i 2008 go minic leis na tréimhsí níos luaithe. Tá próifíl caiteachais an dá Vóta i 2008 léirithe ag an dtábla seo a leanas:

	Dáileadh Tosaigh (€m)	Dáileadh Laghdaithe (€m)	Toradh an Réamh-luachála (€m)
Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha	233	231	217
Vóta 29 Comhar Idirnáisiúnta	814	769	768
Totals	1047	1000	985

Bhí laghdú mór i mbuiséad Cúnamh Éireann i 2009 mar thoradh ar an gcomhthéacs dúshlánach eacnamaíochta atá ós comhair na h-Éireann. Tá an Coiste Iniúchta buartha go mbeidh tionchar diúltach ag na laghdaithe seo ar shláine an chláir cúnamh. Cabhraíonn na struchtúir atá imlínithe ins an rannóg *Timpeallacht Iniúchta na Roinne*, le leibhéal deimhnithe maidir le úsáid chuí na gcistí poiblí.

Tá sé tábhachtach go gcoimeádann gach ceann des na struchtúir seo a chumas agus a acmhainní — ag cur béim air go bhfuil timpeallacht iniúchta láidir chomh tábhachtach i dtréimhse chiorruithe chaiteachais is atá sé le linn tréimhsí leathnaithe an bhuiséid.

Luaigh an Coiste Iniúchta cheana, chomh casta is atá an clár cúnamh anois le linn tréimhse leathnaithe an bhuiséid. Tugann an laghdú ar an ndáileadh maoinne mar cúnamh thar sáile deis athbhreithniú a dhéanamh ar chastacht an chláir chun deimhin a dhéanamh de go bhfanann sé dírithe ar na haicmí san go bhfuil nirt ar leith ag Cúnamh Éireann iontu. Molann Cúnamh Éireann go ndíreofaí athuair ar thionchar a thomhas agus luach as an airgid a bhaint amach laistigh de chreatlach Dearbhú Paris ar Éifeacht an Chúnamh agus ar Chlár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta.

I dtuairisc na bliana seo caite, dúirt an Coiste Iniúchta go rabhadar buartha faoi an mhaoiniú seachadta trí córais an rialtais i dtíortha ag forbairt. Leanfaimid ag lua go bhfuil caimiléireacht coitianta ina lán de thíortha cláir Cúnamh Éireann agus go bhfuil laigí móra i gcuntasáiocht agus i gcórais airgeadais na rialtas páirtíochta, agus bíonn tuairiscí iniúchta easnamhacha mar thoradh ar na laigí seo. Molann an Coiste Iniúchta go láidir go leanann Cúnamh Éireann, i bpáirtíocht le deonaithe eile, ag obair chun córais smachta inmheánacha a neartú i dtíortha páirtíochta. Ba chóir go ndíreodh an cur chuige páirtíochta ar: (1) cabhrú le cuntasáiocht leathan na n-acmhainní a neartú agus gan díriú chomh mór san ar chuntasáiocht sonracha cúnamh deonaí amháin; (2) cabhrú le cumas agus inniúlacht Oifigí Ginearálta an Iniúcháir Náisiúnta a fhorbairt inár dtíortha cláir; (3) cumas agus saineolas a fhorbairt in aicme na gCóras Bainistíochta Airgeadais Poiblí; (4) cabhrú le tuiscint an phobail faoi cad tá i gceist le cúnamh éifeachtach trí dhíriú níos lú ar thionchar díreach ranníocaíochtaí aonaracha de chuid cúnamh deonaí amháin agus níos mó ar thionchar iomlán an chúnamh go léir chun cabhrú le straitéisí náisiúnta chun laghdú bochtaineachta a bhaint amach.

Dhein an Coiste Iniúchta, i dteannta leis an mBord Comhairleach le haghaidh Cúnamh Éireann, scrúdú ar phróiseas leasaithe an AE, ar na forbairtí déanacha

ar chomhchuibheas an chórais iomláin, ach go háirithe, agus na córais iniúchta agus luachála ins an UNDP, UNICEF agus UNFPA. Seasann cúnamh iltaobhach na hÉireann anois ag 32% den gCúnamh Forbartha Thar Sáile. Tá an Coiste Iniúchta i bhfabhar straitéis na Roinne atá dírithe ar an gcur chuige: (1) a aithníonn gníomhaireachtaí tosaíochta; (2) a fhorbraíonn creatlach comhaontas le h-aidhmeanna agus le comharthaí soiléire ann le páirtithe na NA; (3) a ghlacann páirt mar bhall de Ghréasán Measúnaithe Saothair na hEagraíochta Iltaobhaí (GMSEI). Neartóidh forbairt agus monatóireacht leanúnach na straitéise seo leibhéal an dearbhairthe iniúchta timpeall an chaiteachais mhóir dáilte do mhaoiniú iltaobhach. Molann an Coiste Iniúchta, chomh maith, go leanann Éire ag tógáil ról tábhachtach i bpróiseas leasaithe an AE, le béim ar leith ar an dtionscnamh *Ag Seachadadh mar Aonad*.

Tá díomá ar an Choiste Iniúchta gcás na moille ag eisiúint na tuairisce ó Athbhreithniú Bainistíochta Chúnammh Éireann. Táimid ag tnúth go mór leis an dtuairisc agus leanfaimid ag gníomhú mar abhcóidí le haghaidh chur i ngníomh na moltaí go mbeidh gníomhaíochtaí a dheimhneoidh go bhfuil bainistíocht déanta ar Chúnammh Éireann i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr agus leis na córais chuí le haghaidh dealagáideacht údarais mar thoradh air. Ba mhaith leis an gCoiste Iniúchta béim a chur ar thábhacht leibhéal saineolais a forbairt laistigh de Chúnammh Éireann i réimse Bainistíochta Airgeadais Poiblí. Molaimid go láidir, chomh maith, ráiteas polasaí a fhoilsiú a léiríonn seasamh Chúnammh Éireann i gcás bhainistíocht na rioscaí dúchasacha i gclár cúnamh éagsúil a fheidhmiú.

Tá moltaí an Choiste Iniúchta imlínithe ins an Rannóg a ghlaoitear *Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2008 air*. Tá fócas an Choiste Iniúchta le haghaidh 2009 imlínithe faoin Rannóg a shonraíonn *Oibriocht an Choiste Iniúchta*.

Ba mhaith liom focail buíochais a ghabháil le baill an Choiste Iniúchta — John S. Pittock, Mike Scott, Valerie Little, Dr. Richard Boyle agus Philip Furlong — as ucht a ndíonbháilteacht agus a phroifisiúntacht ag cur obair an Choiste chun cinn. Tá sé tábhachtach go leanfaidh baill an Choiste Iniúchta a bheith roghnaithe de bhaill tarraingthe isteach ó lasmuigh des na Ranna Rialtais. Ba mhaith liom an gaol páirtíochta a lua, chomh maith, idir an Choiste Iniúchta agus an Bord Comhairleach do Chúnammh Éireann. Ba mhaith liom moladh a thabhairt, ach go háirithe, don mBord Comhairleach as ucht a thiomantas in acmhainní taighde a infheistiú i bhfoghlaím conas tionchar a thomhas. Tá athrú i gcairt an Choiste Iniúchta riachtanach de bharr deireadh an Bhoird Chomhairligh. Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil don fhoireann agus dos na baill a thug tacaíocht don mBord Comhairleach.

Ar son an Choiste Iniúchta, ba mhaith liom ár mbuíochas láidir a thairfeadh do bhainistíocht agus do fhoireann an Roinn Gnóthaí Eachtrach. Táimid an-shásta le díonbháilteacht agus le cumais na bainistíochta agus na foirne.

Sa deireadh, ba mhaith liom an meas a thaispeáint a bhí agam ar an fhoireann go léir a ghlac páirt, nó a dhein léiriúcháin ag cruinnithe an Choiste, le linn na bliana. Ba mhaith liom an tacaíocht feidhmiúcháin a admháil, a sholáthar foireann an Aonaid Luachála agus Iniúchta don gCoiste Iniúchta — Tom Hennessy, Fintan Farrelly, Seamus O'Grady, Brian Nolan, Anne Barry agus Patricia Ryan.

Gerard O'Connor
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtrach

Dáta: 17 Meitheamh 2009

Ballraíocht an Choiste Iniúchta

Tá baill an Choiste Iniúchta neamhspleách ina iomlán agus tarraingthe isteach ó lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Táid ceaptha ag Ard-Rúnaí na Roinne.

Le linn 2008, ba iad baill an Choiste ná:

An tAthair Gerard O'Connor C.Ss.R., Cathaoirleach an Choiste. Oibríonn An tAthair O'Connor i bParóiste Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath, agus tá cúlra aige i bhforbairt agus i gcuntasaíocht. (Ceaptha Samhain 2003).

Tá an tUas. John S. Pittock mar chuntasóir cairte agus bhíodh sé mar Chathaoirleach Deloitte tráth. (Ceaptha Samhain 2003).

Is Bainisteoir Acmhainn Daonna de Ghréasáin BSL í Ms. Valerie Little, agus bhíodh sí mar Cheannaire Iniúchta Inmheánach, Bord Soláthair an Leictreachais (Ceaptha Meitheamh 2004).

Is iar-Cheannaire Luachála agus Iniúchta é Mr. Michael Scott, Cúnamh Éireann (Ceaptha Meitheamh 2006).

Is Oifigeach Taighde Sínearach é Dr. Richard Boyle, Institiúid Riaracháin Poiblí (Ceaptha Eanáir 2008).

Is iar Ard-Rúnaí an Roinn Ealaíona, Spóirt agus Turasoíreachta é Mr. Philip Furlong (Ceaptha Eanáir 2008).

Cairt an Choiste Iniúchta

Tá Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachrach ceaptha go foirmiúil ag, agus tuairisceoidh siad chuig, Ard-Rúnaí an Roinn Gnóthaí Eachtracha, atá mar an t-oifigeach cuntasáíochta le haghaidh Vótaí 28 agus 29 (Gnóthaí Eachtrach Ginearálta agus Cúnamh Éireann, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, faoi seach). Nuair is cuí, tabharfaidh siad comhairle don Aire Gnóthaí Eachtracha agus don Aire Stáit le haghaidh Chomhar Forbartha.

Beidh Cathaoirleach ag an gCoiste agus ar a laghad triúr gnáth bhall a bheidh tarraingthe isteach ó lasmuigh den Roinn. Beidh taithe cuntasáíochta ginearálta, taithe iniúchta proifisiúnta nó taithe proifisiúnta ins an aicme comhar forbartha agus luachála cláir cúnaimh ag baill an Choiste. D'fhéadfadh taithe breise a bheith chomh-thofa ar bhonn comhairligh. Friothálfadh na baill ar feadh ar a laghad dhá bhliain, chun maoirseacht éifeachtach ar an gclár a dheimhniú. Buailfidh an Coiste le chéile ar a laghad sé uair sa bhliain, de ghnáth.

Soláthróidh an Coiste luacháil neamhspleách des na heagraithe iniúchta agus luachála don dá Vóta seo, leis an aidhm an smacht inmheánach agus an bhainistíocht riosca a neartú i dteannta le feidhmiú éifeachtach na feidhme iniúchta agus luachála a uasghrádú laistigh den Vóta Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann (Stiúrthóireacht Comhar Forbartha laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha).

Soláthróidh an Coiste tuairisc bhliantúil don Rúnaí Ginearálta ar a chuid oibre maidir leis an dá Vóta seo. Beidh sé seo bunaithe, inter alia, ar:

- athbhreithniú ar an straitéis luachála agus iniúchta ar chláir Ghnóthaí Eachtracha agus ar chláir Cúnamh Éireann agus ar an gclár oibre bliantúil a thagann as seo;
- athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na gclár seo ag Gnóthaí Eachtracha agus ag Aonad Luachála agus Iniúchta Chúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar na hacmhainní ar fáil don gcúis seo;
- athbhreithniú ar chórais smachta inmheánacha Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar na córais bhainistíochta riosca i nGnóthaí Eachtracha agus i gCúnamh Éireann.

Ós rud é gur ceann de fheidhmeanna an Bhoird Comhairligh le haghaidh Chúnamh Éireann¹, an eagraíocht neamhspleách ceaptha ag an Rialtas, “maoirseacht a dhéanamh ar luachála sonracha agus ginearálta cláir agus tionscnaimh Chúnamh Éireann, le maoirseacht ghinearálta ar pholasaí agus ar chaiteachas”, beidh ball ón mBord Comhairleach san áireamh i gcónaí i mballraíocht an Choiste Iniúchta.

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó a ionadaí, chun bualadh leis/lei ar a laghad uair sa bhliain.

¹ Tháinig deireadh le Bord Comhairleach Chúnamh Éireann ar an 31 Deireadh Fómhair 2008.

Oibríocht an Choiste Iniúchta

Oibríonn an Coiste trí shraith de chruinnithe rialta a bheith ar siúl, ina bhfaigheann siad tuairiscí agus cur i láthair, ina dhéanann siad moltaí don Roinn agus ina rianáíonn siad a gcur i bhfeidhm.

Bhí ocht gcinn de chruinnithe ar siúl ag an gCoiste i 2008, agus ina theannta san, bhuaíl siad dhá uair leis an Ard-Rúnaí. Bhí cainteanna ar siúl ag an gCoiste, chomh maith, le linn cúrsa a gcrúinnithe, leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an Leas-Ard-Stiúrthóir, agus le Ceannaire Roinn na Seirbhísí Corparáideacha. Ina theannta san, bhuaíl baill an Choiste Iniúchta ina n-aonair leis an fhoireann Athbhreithnithe Bhainistíochta agus leis an fhoireann Athbhreithnithe Piara OECD/DAC.

Le linn 2008, dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus d'aontaíodar faoi an gclár oibre atá le bheith déanta le linn na bliana ag an Aonad Luachála agus Iniúchta. Dhein an Coiste athbhreithniú, chomh maith, ar an gclár luachála agus iniúchta gur chuir an t-Aonad i bhfeidhm é le linn 2007. Tá sonraí breise ar an gclúdach luachála agus iniúchta tugtha in Aguisín 5. Ina theannta san, liostálann Aguisín 2 roinnt den doiciméadú gur déanadh athbhreithniú air agus liostálann Aguisín 3 cur i láthair a fuair an Coiste le linn na bliana.

Ghlac an Choiste Iniúchta páirt leis an mBord Comhairleach do Chúnamh Éireann in athbhreithniú ar pháirt na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe. Do bé fócas príomha na hoibre seo ná próiseas leasaithe an AE, an tionscnamh Ag Seachadadh mar Aonad, ach go háirithe. Bhí ionadaíocht déanta ar an gCoiste Iniúchta ag Mr John S. Pittock i Nua Eabhrach agus Mr Philip Furlong i Vítneam.

I measc cúrsaí eile a bhí clúdaithe ag an gCoiste Iniúchta le linn 2008 bhí:

- Clár oibre éifeachtacht an chúnamh (le armónú cleachtas na ndeonaithe san áireamh) agus

dul chun cinn dtreo Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach;

- Measúnú ar Chórais Bainistíochta Airgeadais Poiblí i dtíortha an chláir;
- Ag tomhas Measúnú Tionchair ins an gClár Cúnaimh;
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na moltaí ós na h-Iniúchtaí a bhí ann cheana;
- Tuairiscí Bhliantúla an Choiste agus tuairiscí iniúchta tábhachtacha eile;
- Creatlach Smachta Inmheánach na Roinne agus Úsáid an Bhainistíocht Eolais.
- Acmhainní Eagraíochta

Leag an Coiste Iniúchta síos roinnt ábhair tosaíochta do 2009, go rabhadar seo a leanas san áireamh ann:

- Bainistíocht Riosca
- Éifeacht an Chúnamh (le dul chun cinn ins an Armónú agus an Bainistíocht le haghaidh Torthaí Forbartha san áireamh)
- Bainistíocht Airgeadais Poiblí i dtíortha an Chláir
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm moltaí Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann
- Clúdach Iniúchta Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha)

Coiste Iniúchta na Roinne

1. Struchtúr na Roinne

Faoi threoir pholaitiúil an Aire Gnóthaí Eachtrach, tá bainistíocht á dhéanamh ar an Roinn ag an Ard-Rúnaí, atá mar an t-oifigeach cuntasáíochta le haghaidh a dá Vóta — Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Comhar Forbartha nó Cúnamh Éireann). Tá tacáíocht á fháil ag an Ard-Rúnaí ó Choiste Bainistíochta Comhairleach (CBC) atá déanta suas de cheannairí ranna príomha na Roinne.

Tá obair na Roinne roinnte idir deich gcinn de ranna ag an gCeanncheathrú agus 75 oifig thaidhleoireachta agus chonsolacha thar sáile (go ndéantar tagairt dóibh mar “Misín”), i dteannta le Rúnaíocht Éireannach-Sasanach i mBéal Feirste agus Chomh-rúnaíocht Airí Idir-Rialtais Thuaidh-Theas in Ard Mhacha. Tá naonúr oifigeach páirce i measc na n-oifigí taidhleoireachta agus consolacha thar sáile, lonnaithe san Afraic den gcuid is mó, agus táid freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar thíortha cláir déthaobhacha Chúnamh Éireann.

2. Timpeallacht Eachtrach

Oibríonn an Roinn Gnóthaí Eachtrach i dtimpeallacht chasta atá ag athrú an t-am ar fad agus é cruthaithe ag tionchair na hEorpa agus ag tionchair idirnáisiúnta níos leithne. Tá réadú na n-aidhmeanna ag braith, mar sin, ní hamháin ar iarrachtaí na Roinne ach ar iompar na Stát agus na n-aonán eile.

De bharr castacht na timpeallachta eachtraí, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil na hacmhainní atá ar fáil don Roinn úsáidte leis an tairbhe is mó bainte as. Ní féidir leis agus ní oibríonn sé ina aonar. Gníomhaíonn an Roinn i gcomhoibriú cóngarach le Ranna Rialtais eile go bhfuil cúraimí eachtracha orthu, chun cabhrú go héifeachtach leis na haidhmeanna a bhaint amach atá leagtha síos ins an gClár le haghaidh an Rialtais agus a Ráitis Straitéise (2008–2010).

Soláthraíonn Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise agus Dearbhú Paris ar Éifeacht an Chúnaimh an bonn le haghaidh chomhaontú idirnáisiúnta ar cad a chaithfear a dhéanamh chun bochtaineacht a laghdú agus forbairt a chur chun cinn. Leagann Dearbhú Paris, a bhí sínithe ag Fóram Ard-Leibhéal DAC i Feabhra 2005, síos gealltanais agus spriocanna le haghaidh deonaithe agus le haghaidh tíortha páirtíochta chun luas éifeacht an chúnaimh feabhsaithe a mhéadú.

Mar an gcéanna le deonaithe eile, feidhmíonn Cúnamh Éireann i dtimpeallacht le baol mór ann. Go háirithe, d’fhéadfadh caighdeán an rialaithe, córais cuntasáíochta agus iniúchadh náisiúnta i dtíortha páirtíochta a bheith níos lú ná mar a bheifear ag súil leo i dtíortha forbartha.

3. Aidhmeanna Ard-Leibhéal, 2008-2010

Siad aidhmeanna ard-leibhéal na Roinne, mar atá siad leagtha amach sa Ráiteas Straitéise don dtréimhse 2008–2010, ná:

Cabhrú le síocháin idirnáisiúnta agus slándáil, réiteach ar choimhlint a chur chun cinn, meas ar chearta daonna agus ar riail an dlí, agus tacaíocht a thabhairt do straitéisí comónta éifeachtacha chun déileáil le dúshlán domhanda.	Cur i bhfeidhm iomlán Socrú Aoine an Chéasta a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt do fheidhmiú éifeachtach a institiúidí, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú ar son athmhuintearais a leanann.
Na gealltanais ins an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann a sheachadadh trí bhochtaineacht a laghdú, trí thacaíocht a thabhairt do fhorbairt inchothaithe agus comhar forbartha a chur chun cinn mar chuid tábhachtach de pholasáí eachtrach na hÉireann.	Éire a chur chun cinn, i dteannta lena ghaoil déthaobhacha le tíortha eile, ár shuimeanna eacnamaíochta a chur chun cinn agus ár bpróifil cultúrtha thar sáile a uasghrádú.
Suimeanna na hÉireann ins an AE a dhéanamh shlán agus tacaíocht iomlán a thabhairt do fhorbairt todhchaí an Aontais.	Pas agus seirbhís consalach de ard chaighdeán a sholáthar dos na saoránaigh go léir as Éirinn agus páirt ghníomhach a bheith againn lenár nDiaspóra.

4. Athbhreithniú ar na hÓcáidí Príomha

Bhí cor chun donais eacnamaíochta mór domhanda sa bhliain 2008 le cúlú ag tarlú ina lán de eacnamaíocht an domhain. Léirigh an cor chun donais é féin in Éirinn trí mhoill ins an ngníomhaíocht eacnamaíochta, ag méadú dífhostaíochta agus titim uafásach i gcúrsaí airgeadais poiblí.

Tá na dáiltí Vóta tosaigh, na dáiltí laghdaithe (tar éis athraithe Mí Iúil an Rialtais) agus an táirgeacht réamh-iniúchta le haghaidh 2008 leagtha amach ins an dtábla thíos:

	Dáileadh Tosaigh € m	Dáileadh Laghdaithe € m	Táirgeacht Réamh-Iniúchta €m
Vóta 28 — Gnóthaí Eachtracha	233	231	217
Vóta 29 — Comhar Idirnáisiúnta	814	769	768

Mar atá sé imlínithe ins an dtábla, bhí dáileadh Chúnamh Éireann laghdaithe €45 milliún in Iúil 2008.

Dháil an Rialtas €754 milliún do Vóta 29 i measúnú 2009. Mar thoradh ar na hathraithe buiséid i Feabhra 2009 agus an buiséad breise in Aibreán 2009, déanadh athbhreithniú ar an dáileadh do Vóta 29 go €571 milliún. Seasann sé seo do laghdú €183 milliún ar an gcéad dáileadh 2009 agus €197 milliún i dtáirgeacht 2008.

Tá Cúnamh Forbartha Oifigiúil (CFO) iomlán na hÉireann déanta suas den dáileadh do Vóta 29, caiteachas CFO intofa trasna Ranna Rialtais eile, agus dáileadh na hÉireann de bhuiséad Chomhar Forbartha an AE. Do bé CFO iomlán na hÉireann i 2008 ná €918 milliún a sheas do 0.58% de OTN (2007:0.55). Meastar go sroichfidh an CFO do 2009 €696 milliún, nó 0.48% den OTN.

Ba mhaith leis an gCoiste Iniúchta na hócáidí seo a leanas a imlíniú:

- D'fhoilsigh an Roinn Ráiteas Straitéise nua ag clúdach an tréimhse 2008 go 2010.
- Thug dealagáideacht ó Choiste na gCuntas Poiblí, go raibh an Cathaoirleach Mr Bernard Allen T.D. i gceannas air, cuairt ar chláir Chúnamh Éireann sa tSaimbia agus san Afraic Theas. Tá an tuairisc eatramh ar shuíomh idirlín an Oireachtais ag: www.oireachtas.ie/documents/committees30thdail/pac/reports/20080722.pdf
- Críochnaíodh Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann. Tá an Coiste Iniúchta ag súil le cóip den dtuairisc a fháil.
- Stiúradh Athbhreithniú Piara Chúnamh Éireann Choiste Cúnamh Forbartha (CCF)/OECD i nDeireadh Fómhair 2008. Bhí baill an Choiste Iniúchta gafa leis an Fhoireann Athbhreithnithe Piara i nDeireadh Fómhair 2008. Foilsíodh tuairisc an Athbhreithnithe piara i mBealtaine 2009.

➤ Bhí an tríú Fóram Ard-Leibhéal ar Éifeacht Cúnamh ar siúl in Accra i Meán Fhómhair 2008. Dhein an FAL, gur fhreastal Airí agus ceannairí na ngníomhaireachtaí ó thíortha ag forbairt agus ó thíortha deonaithe, tíortha ag teacht chun forbartha, an AE agus institiúidí iltaobhacha, cistí domhanda agus fondúireachtaí, athbhreithniú ar dhul chun cinn i nDearbhú Paris.

➤ Glacadh le Clár Oibre Accra le haghaidh Gníomhaíochta ag an FAL agus thaispeáin sé an díograis idirnáisiúnta chun tacaíocht a thabhairt dos na h-athruithe chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as cabhair fhorbartha chun go ndeimhneofaí go dtiocfaidh Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise chun aibíochta faoi 2015.

➤ Críochnaíodh dilárú ceanncheathrú Chúnamh Éireann go h-áit nua i Sráid Annraí, Luimneach i Samhain 2008. Tá iomlán de 138 post bunaithe ins an ceanncheathrú nua anois.

5. Eagraithe Iniúchta na Roinne

Is eilimint tábhachtach den gcreatlach cuntasaíochta é iniúchadh ina oibríonn an Roinn ann. Siad na h-eilimintí a bhaineann le h-iniúchadh idir inmheánach agus eachtrach ná:

1. **An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC)** — a dhéanann iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála do gach Vóta, agus a stiúran sanntaí eile ó am go céile, le h-iniúchtaí luach as an airgead san áireamh.
2. **Coiste na gCuntas Poiblí (CCP)** de chuid na Dála — a dhéanann scrúdú ar thuairiscí de chuid ARCC, agus go mbíonn de dhualgas ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne a bheith i láthair ann.
3. **Comhchoiste an Oireachtais um Gnóthaí Eachtracha (CGE)**- molann an Coiste seo na Meastacháin

do gach Vóta atá léirithe sa bhformaid Ráiteas Bliantúil Aschur ag nascadh costas le h-aidhmeanna agus le spriocanna arda nasctha le táscairí feidhmíochta.

4. **Coiste Iniúchta** na Roinne, a dhéanann athbhreithniú ar na pleananna oibre iniúchta agus luachála il-bhliantúla agus ar a gcur i bhfeidhm.

5. **Aonad Luachála agus Iniúchta** na Roinne, a dhéanann bainistíocht ar:

➤ Feidhm luachála na Roinne, le fócas príomha ar Chúnamh Éireann. Is é atá sa luacháil ná an measúnú córasach agus cuspóireach ar dhearadh, ar chur i bhfeidhm agus ar thorthaí na dtionscnamh, na gclár agus na bpolasaithe. Déanann sé measúnú, ach go háirithe, ar éifeacht na h-idirghabhála i leith a h-aidhme sonraí. Tá ról criticiúil ag luacháil, chomh maith, i gceachtanna d'fhoghlaim agus tacaíocht a thabhairt do chreatlach cuntasaióchta iomlán Chúnamh Éireann.

➤ Feidhm Inmheánach na Roinne. Déanann an fheidhm seo athbhreithniú ar fheidhmiú na gcóras smachta inmheánach agus sé atá i gceist leis ná dearbhú a sholáthar i dtaobh ceart-úsáid na gcistí poiblí. Tá tacaíocht a fháil ag an Iniúchadh Inmheánach le haghaidh Chúnamh Éireann ó iniúcháirí inmheánacha atá lonnaithe in oifigí páirce i dTíortha an Chláir.

➤ Athbhreithnithe Luach As An Airgead (féach ar 7 thíos).

Tuairiscíonn Ceannaire an Aonaid Luachála agus Iniúchta don Oifigeach Cuntasaióchta go díreach le haghaidh Vóta 28 agus, trí Ard-Stiúrthóir Chúnamh Éireann, le haghaidh Vóta 29.

6. **Iniúchtaí Coimisiúnaithe go h-Eachtrach** go dtugann eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta aghaidh orthu i dTíortha Cláir Chúnamh Éireann. Ina theannta lena obair inmheánach féin, úsáideann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta a acmhainní den gcuid is mó trí coimisiúnú a dhéanamh ar iniúchtaí i dTíortha an Chláir go dtugann eagraíochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta aghaidh orthu (sa chás go bhfuilid coimisiúnaithe ag páirtithe) nó trí na h-Ard Cistí agus Cuntas. Oibríonn Cúnamh Éireann lámh ar lámh le deonaithe eile chun cabhair a thabhairt do pháirtithe ag neartú a gcóras bainistíochta airgeadais agus cuntasaióchta, ag tógáil moltaí an phróiseas iniúchta ar aghaidh.

7. **Luach as an Airgid agus Tionscnamh Athbhreithnithe Polasaí** — Stiúran an Roinn Athbhreithnithe Luach as an Airgead tionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí de chuid an Roinn Airgeadais.

Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2008

I gcomhréir lena Chairt, tá obair an Choiste Iniúchta maidir le dhá Vóta na Roinne dírithe ar na haicmí seo a leanas:

1. Córais Eolais Bainistíochta agus Smacht Inmheánach
2. Iniúchadh Inmheánach
3. Luacháil
4. Riosca a Aithint
5. Gnéithe Eagraíochta agus Acmhainne

Tá ráitis agus moltaí príomha an Choiste ar an dá aicme seo leagtha amach ins na rannóga seo a leanas den dtuairisc.

1 Córais Bhainistíochta Eolais agus Smachta Inmheánacha

Cuireann an Coiste fáilte roimh cur i bhfeidhm na moltaí ins an aicme seo óna thuairiscí bliantúla 2004 go 2007.

Tá cúram ginearálta ar Oifig an Ard Reachtaire Ciste agus Cuntas (ARCC) le haghaidh iniúchadh neamhspleách ar chaiteachas an Rialtais go léir. Mar a bhí ann ins na blianta atá caite, thug an ARCC tuairim iniúchta neamhcháilithe ar na cuntais leithghabhála le haghaidh Vóta 28 agus 29 don mbliain airgeadais 2007, agus ní raibh aon fhadhbanna smachta móra imlínithe ann.

Dhein an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar na heagraithe bainistíochta airgeadais agus smachta inmheánach le haghaidh Vóta 28 leis an Roinn i 2008. Nótálann an Coiste na feabhsúcháin leanúnacha ins na córais bhainistíochta airgeadais agus smachta inmheánacha na Roinne. Fáiltíonn an Coiste roimh aidhm na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar

struchtúr a fheidhm airgeadais agus a oibríocht a éascú níos mó chun éifeacht níos fearr a bhaint amach. Beidh tógáil suas chun dáta agus forleathnú na ngnáthamh airgeadais agus na dtreoirilinte don dá vóta san áireamh sa phróiseas seo.

Nótálann an Coiste Iniúchta gur aithin an Grúpa Oibre Bainistíochta Eolais roinnt tascanna príomha atá dírithe ar riachtanais roinnt-eolais de chuid Chúnamh Éireann a shásamh tar éis dóibh bheith díláraithe go Luimneach. Tá inlín na Roinne a thabhairt suas chun dáta san áireamh ins na tascanna seo, le díriú sonrach ar Chúnamh Éireann, agus ar chláir traenála agus ionduchtaithe a fhorbairt le haghaidh foirne nua. Measann an Coiste Iniúchta go bhfuil straitéis daingean bainistíochta eolais an-thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do Chúnamh Éireann chun a haidhmeanna a chur i gcrích ins na blianta atá le teacht.

Moltaí:

Molann an Coiste Iniúchta:

- Go bhfuil fócas leanúnach ag an mBainistíocht ar athbhreithniú agus ar uasghrádú an smachta inmheánaigh, le tuairisciú struchtúrach don gCoiste san áireamh i dtaobh géilliúlacht don gcreatlach smachta inmheánaigh.
- Go neartaíonn Cúnamh Éireann a chóras ceadaithe agus na himeachtaí smachta bhuiséid a théann leis chun deimhin a dhéanamh de go bhfuilid cuí ó thaobh an mhéid agus chastacht an chláir chúnaimh.

2 Iniúchadh Inmheánach

Tá an t-Aonad Luachála agus Iniúchta freagrach as iniúchadh inmheánach don dá Vóta 28 agus 29 agus tuairiscíonn siad do Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne. Fostaíonn an t-Aonad ceathrar cuntasóir

cáilithe a thuairiscíonn do Cheannaire an Aonaid. Bhí post amháin folamh le linn na bliana. I dteannta leis na poist seo lonnaithe sa cheanncheathrú, tá tacaíocht á fháil ag an Aonad ó iniúcháirí inmheánacha lonnaithe in Ambasáid i dtíortha cláir Chúnamh Éireann.

Ag tabhairt aird ar mhéid, castacht agus próifil riosca an chláir cúnamh, tá an chuid is mó den bplean oibre iniúchta dírithe ar Vóta 29 i.e. an clár cúnamh thar sáile. Is é aidhm príomha an chláir iniúchta ná dearbhú a fháil go bhfuil cistí ceadaithe úsáidte le haghaidh na gcúiseanna go bhfuilid ann dóibh agus go mbaintear amach luach as an airgead.

Feidhmíonn an t-Aonad Luachála agus Iniúchta ar bhonn plean oibre leanúnach thar trí bhliain go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchta air. Díríonn an plean oibre ar aicmí go bhfuil riosca níos mó ann, agus ag tabhairt aird ar an gclár cúnamh, tugann sé aird ar fhorbairtí déanacha ins an gclár oibre cúnamh go ginearálta.

Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha)

Críochnaigh agus thuairiscigh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta iniúchtaí na Misean i 2008 a bhí déanta déanach i 2007. Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh conclúidí na dtuairiscí gur fheidhmigh na córais smachta inmheánacha go sásúil go ginearálta.

De bharr sriantaí foirme le linn na bliana, ní raibh an t-Aonad in ann breis oibre iniúchta a dhéanamh ar an vóta seo agus, ina ionad, dhíríodar ar chríoch a chur le h-Athbhreithniú Luach As An Airgead i Seirbhís na bPas. Cé gur oth leis an gCoiste Iniúchta é seo, fáiltíonn sé roimh aidhm an Aonaid go ndeimhneofar go mbeidh clúdach iniúchta suntasach ann do Vóta 28 i 2009 trí úsáid na n-acmhainní reatha. Tá an Coiste Iniúchta ag súil, chomh maith, le foirmiúlacht an chur chuige iniúchta don vóta.

Vóta 29 (Cúnamh Éireann)

Bhí an clúdach iniúchta do 2008 bainte amach trí:

- Obair déanta go díreach go Aonad Luachála agus Iniúchta Chúnamh Éireann, agus ag iniúcháirí inmheánacha lonnaithe ag na Misin i dtíortha an chláir;
- Obair déanta ag eagraíochtaí iniúchta coimisiúnaithe ag Cúnamh Éireann;
- Iniúchtaí chomh-mhaoinithe ag deonaithe de chláir shonracha, agus;
- Tuairiscí iniúchta faighte ó eagraíochtaí páirtíochta (m.sh. páirtithe Rialtais i dtíortha an chláir — sa chás go raibh iniúchtaí déanta go ginearálta ag Oifigí Iniúchta Náisiúnta — agus ag Eagraíochtaí Neamh-Rialtais).

Nótálann an Coiste Iniúchta go bhfuil codán mór de chaiteachas tíortha cláir Chúnamh Éireann sruthaithe trí Chórais Rialtais páirtíochta. Léiríonn an cur chuige seo gealltanais na hÉireann faoi Dhearbhú Paris ar Éifeacht Cúnamh chun oibriú le chéile le deonaithe eile agus le páirtithe chun comhchuibhiú agus ailíniú éifeachtach a dhéanamh ar sheachadadh an chúnamh — rud gur chóir fáilte a chur roimhe. Glacann an Coiste leis an réasúnaíocht don gcur chuige seo do sheachadadh an chúnamh ach tá fhios acu, ag an am gcéanna, faoi an laige bunúsach atá sa rialú, sa chuntasáíocht, san iniúchadh agus sa bainistíocht airgeadais poiblí ina lán tíortha ag forbairt.

Nótálann an Coiste Iniúchta an leibhéal réasúnta ard de thuairiscí iniúchta cáilithe, go háirithe iad san atá eisithe ó eagraíochtaí páirtíochta. Cé go nglactar leis gur féidir le tuairiscí iniúchta cáilithe teacht suas toisc roinnt cúiseanna difriúla, measann an Coiste, ag an am gcéanna, gur ábhar buartha é. Leanfaidh an Coiste ag déanamh monatóireachta géire ar leibhéal agus ar chlaontaí na dtuairiscí cáilithe, na cúiseanna dó,

agus táthar ag súil go mbeidh claonadh níos dearfaí ann ins na blianta atá le teacht. Go háirithe, déanfaidh an Coiste iniúchadh ar gníomhaíochtaí leantacha a thógtar le haghaidh iniúchtaí áirithe i slí córasach agus cuimsitheach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil gníomhaíocht iomchuí déanta.

Tá eolas ag an gCoiste Iniúchta faoin bpróiseas níos córasaí atá ar bun anois chun teacht air agus feabhas a chur ar an gcreatlach Bainistíochta Airgeadais Poiblí (BAP) i dtíortha ag forbairt, le tíortha cláir Chúnamh Éireann san áireamh. Fáiltíonn an Coiste roimh an pháirt ag Cúnamh Éireann i measúnaithe BAP trí chleachtais mar PEFA (féach ar an mbosca thíos) agus molann siad go neartóidh Cúnamh Éireann a pháirt ins an aicme seo. Soláthraíonn cleachtais mar PEFA measúnú neamhspleách do Chúnamh Éireann agus don gCoiste Iniúchta ar nirt na gcóras i dtíortha áirithe agus a aithníonn aicmí go bhfuil gníomhaíocht riachtanach iontu. Admhaíonn an Coiste Iniúchta gur próiseas fad-théarmach é leasú BAP agus molann siad gur chóir don mbainistíocht sinsearach leanúint ag comharthú a ghealltanais trí acmhainní cuí a úsáid agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil fócas cuntasaíochta ar a ról ag gach bainistíocht cláir.

Cuireadh in iúl don gCoiste Iniúchta faoi na cláir struchtúrtha éagsúla le haghaidh déileáil le easpaí BAP atá ar siúl ins an chuid is mó de thíortha an chláir. Déileálann na cláir leasaithe seo le gnéithe mar bhuiséad, córais chuntasaíochta, soláthar poiblí, iniúchadh agus maoirseacht ghinearálta. Bíonn déileáil le fadhbanna teicniúla mar chórais chuntasaíochta i gceist le cláir dá leithéid ach déanann siad iarracht, chomh maith timpeallacht a fhorbairt a chuireann tosaíocht níos airde ar chuntasaíocht. Tá tacaíocht á fháil ag na cláir leasaithe seo ó dheonaithe agus le Cúnamh Éireann san áireamh, chomh maith. Tugann an Coiste tacaíocht mhór do pháirt leanúnach Chúnamh Éireann ins an aicme seo agus go speisialta molann siad Oifigí Náisiúnta Iniúchta i dtíortha an Chláir.

Staidéar Cáis 1

Leasaithe i mBainistíocht Airgeadais Poiblí

Bhí cur chuige níos struchtúrtha ar leasúchán PMF i dtíortha ag forbairt mar thoradh ar an athrú go dtí Taca leis an mBuiséad. Déileáilann na leasúcháin seo le aicmí mar an próiseas ullmhaithe buiséid, cur i bhfeidhm an bhuiséid, cuntasáíocht, iniúchadh agus maoirseacht. Tá soláthar poiblí i measc aicmí leasaithe eile. Tá nádúr agus méid an leasaithe ag braith ar leibhéal na n-easpaí ins na córais mar a bhíodar déanta amach ag measúnaithe mar PEFA. Tá na leasaithe seo ag fáil tacaíochta deonaithe ar scála mór i dtéarmaí airgeadú agus rannpháirtíocht díreach le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

Tá páirt mhór ag Cúnamh Éireann ina lán tíortha ins an bpróiseas seo de bharr go bhféachtar air mar go bhfuil sé riachtanach le haghaidh mhaoiniú leanúnach den chineál tacú leis an buiséad don Rialtas.

Leosóta: Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht do chlár mór feabhsúcháin go bhfuil forbairt córas eolais bainistíochta airgeadais nua aimseartha sa Rialtais san áireamh ann. Tugann an clár seo aird ar easpaí i leith iniúchtaí agus dearmaid agus déanann An AE, RFI agus Cúnamh Éireann maoiniú air.

An Aetóip: Tá Cúnamh Éireann tar éis a bheith ag tabhairt tacaíocht do thionscnamh CSF curtha i bhfeidhm ag Havard atá ag déanamh leasú ar chóras cuntasáíochta agus bainistíochta airgeadais san Aetóip.

Bhí laghdú mór de bharr seo ins an mall-aga tuairiscithe airgeadais. Bhí ról ceannasaíochta ag Cúnamh Éireann i bhfo-ghrúpaí muinteacha Coiste Bainistíochta Airgeadais Poiblí chomh-dheonacha agus i gClár na Seirbhísí Bunúsacha, trí rannpháirtíocht ghníomhach leis an Rialtas in aicmí bainistíochta airgeadais poiblí feabhsaithe agus trí an córas iniúchta a neartú. Tá clár uasghrádaithe cumais sonracha ag Cúnamh Éireann le haghaidh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Réigiúnach Tigray a chabhraíonn go mór le feabhas a chur ar an iniúchadh ó thaobh ama de agus ó thaobh caighdeáin de.

Uganda: Tá Éire mar cheann de sheacht ndeonaí a mhaoiníonn an Clár Cuntasáíochta agus Bainistíochta Airgeadais (CCBA). Bhain an clár amach roinnt leasúcháin mhóra, le rolla amach Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA) san áireamh, forbairt aonaid iniúchta inmheánacha díláraithe i 10 gcinn de Aireachta agus trí bhunú Aonad Monatóireachta agus Cuntasáíochta laistigh den Aireacht Airgeadais.

An Tíomór: Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht don *gClár Pleanála agus do Chlár Fhorbairt acmhainn Bainistíochta Airgeadais* — tionscnamh atá dírithe ar fhorbairt acmhainne i bpleanáil caiteachais poiblí, i mbainistíocht airgeadais agus soláthar don Aireacht Pleanála agus Airgeadais, agus don bhfoireann in aireachta dá réir agus i gceantair. Tá an-bhéim ar inmharthanacht, ar chultúr seirbhíse feabhsaithe agus ar trédhearcacht sa rialtas.

Mósaimbíc: Suíonn an Comhairleoir Rialaithe ag an Ambasáid ar an nGrúpa Leasaithe atá déanta suas de dheonaithe agus den Rialtas agus tá baill an Rialtais mar chuid den aonad teicniúil in Aireacht na Seirbhísí Poiblí (UTRESP). Táid gafa faoi láthair le rolla amach eSistafe (IMFIS — córas bainistíochta airgeadais), le simpliú ar imeachtaí sa Rialtas agus le cur i bhfeidhm imeachtaí frith-chaimiléireachta. Níos déanaí fós, bhaineadar amach buaic mór le rolla amach córas uimhrithe ríomhairithe aonarach HR a dhein comhchuíbhiú ar smacht ar thuarastal sa Rialtas ar fad.


Case Study 2

Caiteachas Poibálí agus Cláir Cuntasaíochta Airgeadais (CPCCA)

Faid is go bhfuil úsáid ní os mó á bhaint as cistí deonaithe chun tacaíocht a thabhairt do fhorbairt náisiúnta agus do chláir laghdaithe bochtaineachta tá sé riachtanach measúnú structúrtha agus neamhspleách a bheith ag deonaithe ar Chórais Bainstíochta Airgeadais Poiblí i dtíortha ag forbarit chun a thaispeáint an bhfuil córais PFM laidir go leor chun ciste a stiúradh tríd agus laigí a aithint gur féidir déileáil leo. Is é an príomh áis diagnóiseach a úsáideann deonaithe ná an Clár Cuntasaíochta Caiteachais agus Airgeadais (CCCA). Tá an áis seo dírithe ar chomhchuíbhiú agus ar ailiniú agus tugann sé tacaíocht do Dhearbhairte Monterrey, an Róimh agus Paris ar éifeachtacht Cúnaimh, agus bhunaigh grúpa croiláir de institiúidí airgeadais i dirnáisiúnta agus de ghníomhaireachtaí deonaithe é.

Úsáideann an modheolaíocht sraith caighdeánach de chomharthaí PFM ard leibhéal chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh. Tá tuairisc achomair, comhtháite – Tuairisc Cimhlíonta PFM – foilsithe, chomh maith, go bhfuil Caighdeánach i dtéarmaí ábhar agus formáid, a thugann cur síos chun tacaíocht a tabhairt dos na measúnaithe táscaire (an fianaise) agus tarraingíonn séachóimre ón anailís

Comhpháirteanna PEFA



Córas Scórála

- Bunaithe ar scála ceithre phointe (A, B,C,D)
Tá riachtanais do gach scór sonaithe go follasach
- Tá an scóráil bunaithe ar mhéid an 'Dea-Chleachtais' aitheanta go hidirnáisiúnta
- Tá 1, 2, 3 nó 4 diminsean ag comhrthaí
- Comh-bhailiúchán ó thoisí go comhartha amháin.

Bhí cleachtadh PEFA ar siúl le déanaí i Uganda agus glacfaidh Cúnamh Eireann páirt i gcleachtadh PEFA i Lesotho

Cuireann an Coiste Iniúchta fáilte roimh forbairt agus cur i bhfeidhm de chuid Chúnamh Éireann ar chreatlach iniúchta le haghaidh na ENR níos mó a mhaoiniú faoin Scéim Cláir Ilbhliantúil (SCIB). Déanfaidh an creatlach seo, a bhí aontaithe leis na páirtithe SCIB ENR, clúdach iniúchta a sheachadadh trí mheascán de obair iniúchta a bhí déanta ag an Aonad Luachála agus Iniúchta agus ag braith ar chórais iniúchta na bpáirtithe féin. Fáiltíonn an Coiste, chomh maith, roimh an obair iniúchta gur tugadh aghaidh uirthi le linn 2008 ar mhaoiniú do ENR faoi Scéim na mBloc-Dheontas agus le cabhair an Aonaid Luachála agus Iniúchta, chomh maith, do Chiste Cumann Sibhialta de chuid mhisean Monatóireachta Maoinithe san Ind.

Mar a bhí pléite ins an rannóg *“Riosca a Aithint”*, a leanann, dhein an chomh-thoscaireacht den Bhord Comhairleach/Coiste Iniúchta chuig na NA athbhreithniú ar na heagraithe iniúchta i PFNA, UNICEF agus UNFPA. Fuair an toscaireacht tuiscint ar an bpróiseas iniúchta eachtrach agus inmheánach ins na heagraíochtaí seo agus ar ghaoil na bhfeidhmeanna iniúchta inmheánacha i ngach ceann acu leis na Boird Fheidhmeacha agus leis na Coistí Iniúchta. Tuigeann an Coiste faoi an méid a chaithfidh Éire, cosúil le baill stáit eile, a bheith ag braith ar fheidhmiú éifeachtach eagraithe iniúchta na NA féin chun ráthaíocht a thabhairt. Mar sin féin, tá an Coiste Iniúchta ag súil go bhforbróidh an Roinn modheolaíocht daingean chun dearbhú iniúchta d’fháil le haghaidh maoiniú iltaobhach. Tá sé tábhachtach, chomh maith, go ndéantar measúnú ar thionchar ciste na hÉireann dos na NA.

Moltaí:

Molann an Coiste Iniúchta:

- Gur chóir go mbeadh an straitéis iniúchta agus an plean oibre il-bhliain le haghaidh Vóta 28 go foirmiúil agus molta ag an Ard-Rúnaí;
- Ag tabhairt aird ar an leibhéal mór maoinithe a sholáthraíonn Cúnamh Éireann do pháirtithe an Rialtais i dtíortha an Chláir ba chóir do Chúnamh Éireann:
 - Leanúint ag déanamh monatóireachta ar thuairiscí iniúchta cáilithe, measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna, agus gníomhaíocht cheartaithe chuí a dhéanamh dá bharr san;
 - Leanúint lena n-íarrachtaí diongbháilte, i dteannta le deonaithe eile, córais smachta inmheánacha na bpáirtithe a neartú agus déileáil le fadhbanna iniúchta;
 - I dteannta le deonaithe eile, leanúint ag tabhairt tacaíochta do chumas Oifigí an Ard-Iniúcháir Náisiúnta a neartú i dtíortha páirtíochta
 - A pháirt ins na Cláir Cuntasaíochta Caiteachais agus Airgeadais Poiblí (CCCAP) a neartú, atá mar an tslí phríomha chun measúnú a dhéanamh ar na córais Bhainistíochta Airgeadais Poiblí i dtíortha páirtíochta.
 - Ba chóir do Bhainistíocht Sinsearach Chúnamh Éireann leanúint ag taispeáint a ghealltanas na córais Bainistíochta Airgeadais a neartú i dtíortha páirtíochta trí acmhainní dóthanacha a dháileadh agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil fócas freagrachta ag gach bainistíocht chláir ina ról.

3. Meastóireacht

Friothálann luacháil, agus é mar eilimint croíláir den bpróiseas bainistíochta, chun eolas cruinn, cuspóireach agus bunaithe ar fhianaise a úsáid le haghaidh bhreitheanna a dhéanamh.

Déanann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta bainistíocht ar chlár oibre a dhíríonn ar luachálacha go bhfuil tábhacht straitéiseach leo do Chúnamh Éireann. San áireamh ins na samplaí, tá luachálacha ar chláir tíre Chúnamh Éireann roimh deireadh a dtréimhse chur i bhfeidhm agus na luacháilí téamacha. Déanann aonaid feidhmíochta eile de chuid Cúnamh Éireann luachálacha, chomh maith, atá gaotha níos díri le h-aicmí freagrachta agus riachtanais. Sa chás go bhfuil bainistíocht á dhéanamh ar luacháil ag aonad gnó Chúnamh Éireann seachas Luacháil agus Iniúchadh, tugann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta comhairle agus tacaíocht don aonad gnó i gceist, rud a cabhraíonn le scileanna luachála a fhorbairt agus le cultúr luachála timpeall na heagraíochta go léir. Ina theannta san is minic go mbíonn sé mar choinníoll cistíochta go soláthraíonn eagraíochtaí luachála eachtracha ag deireadh a gclár.

Déanann an t-Aonad Luachála agus Iniúchta bainistíocht ar an gClár Athbhreithnithe ar Luach As An Airgead faoi thionscnamh Polasaí Luach As An Airgead agus Athbhreithnithe de chuid an Rialtais. Le linn an tréimhse idir 2006 go 2008, chríochnaigh agus d'fhoilsigh an Roinn ceithre athbhreithniú, in am, a chlúdaíonn an dá vóta (féach ar Aguisín 5). Le linn an tréimhse idir 2009 go 2011, beidh ar an Roinn aghaidh a thabhairt ar dhá athbhreithniú.

Críochnaíodh agus foilsíodh Athbhreithniú Luach As An Airgead agus Seirbhís na bPas i 2008. Bhí moill leis an athbhreithniú deiridh, a bhaineann le tacaíocht Chúnamh Éireann do VEID/SEIF, de bharr castacht an chláir, ach beidh sé críochnaithe agus foilsithe roimh lár 2009. Tá an Coiste Iniúchta ag súil leis an dtuairisc

ar an gcuid an-thábhachtach seo de chlár Chúnamh Éireann.

Bhíodar seo a leanas san áireamh i luachálacha tábhachtacha a tosaíodh agus/nó a críochnaíodh i 2008:

- Athbhreithniú Luach As An Airgead Ar Sheirbhís na bPas (Vóta 28)
- Páipéir Straitéise Tíre an Tíomór, 2003–2008
- An Pháirtíocht Idimáisiúnta le haghaidh Microbicides (comhluacháil go raibh Éire i gceannas air)
- Clár Timpeallachta Páirtíochtaí Straitéiseacha Chúnamh Éireann, 2006–2008
- Tionscnamh e-Scoileanna Domhanda agus Pobail
- Luach As An Airgead agus Athbhreithniú Polasaí ar fhreagra VEID/SEIF Chúnamh Éireann, 2000–2007 (nach mór críochnaithe)
- Tacaíocht Chúnamh Éireann do Dhóchas, 2006–2008 (ag dul chun cinn)
- Athbhreithniú ar Thacaíocht Chúnamh Éireann do Chláir Ordnaís Neamh-phléasctha i Lao PDR agus Dí-Mhianú i Ríocht na Cambóide (ag dul chun cinn)
- Clár Ullmhachta Tubaiste agus Cumais Áitiúla le haghaidh Síochána de chuid Fís Domhain Deisceart na Súdáine (ag dul chun cinn)

Dhein an Choiste Iniúchta athbhreithniú ar chlúdach luachála an chláir cúnamh le linn 2008. Tá an Coiste sásta go bhfuil fócas straitéiseach ann don gclár oibre luachála agus go bhfuil sé oiriúnach do struchtúr an chláir chúnamh. Ag an am gcéanna, measann an Coiste Iniúchta gur chóir don Aonad Luachála agus Iniúchta smaoinemh ar a roghanna luachála a nascadh níos sonraí le próifil riosca an chláir chúnamh sa todhchaí.

Nótálann an Choiste Iniúchta, nuair atá sé cuí, go dtugann Cúnamh Éireann aghaidh ar luachálacha i dteannta le deonaithe eile. Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an nós seo atá ag forbairt mar shlí éifeachtach chun ceachtanna luachmhara d'fhoghlaim agus freagracht. Mar shampla — maidir le luacháil ar chúnamh daonnúil — oibríonn an t-Aonad Luachála agus Iniúchta go cóngarach le sochaí sibhialta agus le h-eagraíochtaí iltaobhacha (mar an Gréasán Foghlama Gníomhach le haghaidh Freagrachta agus Saothair — GFGFS). Ina theannta san, tá Cúnamh Éireann ina rannpháirtí gníomhach i nGréasán Forbartha Luachála an OECD-DAC. Dhein ball den Aonad Luachála agus Iniúchta ionadaíocht ar Éirinn, chomh maith, mar scrúdaitheoir (i dteannta leis an Phortaingéil) ar Athbhreithniú Piara clár cúnamh forbartha na hAstráile.

Aithníonn an Coiste Iniúchta na gealltanais faoi Dhearbhú Paris ar Éifeacht Cúnamh i dtreo armónú níos mó i measc deonaithe i gcúnamh a sheachadadh. Tá an Coiste ag súil leis an dara céim de luacháil an Dearbhaithe, a bheidh stiúrtha faoi choimirce an OECD/DAC. Toisc an cur chuige aontaithe agus na cláir rialtais il-deonacha chomh-mhaoinithe, tuigeann an Coiste Iniúchta ná fuil sé indéanta creidiúint a thabhairt ar son aschur agus thorthaí do dheonaithe faoi leith. Ina ionad, cabhraíonn deonaithe le aidhmeanna roinnte a bhaint amach. Ag an am gcéanna, tá deonaithe fós freagrach as a dtoghcheantair baile agus tá sé tábhachtach, i dtéarmaí mheas an phobail a bheith ar chúnamh

forbartha, go léireofaí conas a úsáideadh maoiniú agus cad a bhain sé amach.

Fáiltíonn an Coiste roimh fhócas Chúnamh Éireann ar Bhainistíocht le haghaidh Torthaí Forbartha go mbíonn ullmhúchán creatlacha torthaí cuimsitheacha mar chuid de agus d'fhéadfaí a bheith ag súil go n-éascóidh sé tionchar an todhchaí a thomhas. Tá siad ag súil, chomh maith, go mbeidh comhoibriú níos mó ann le haghaidh forbartha trasna gach roinn rialtais mar thoradh ar fheidhmiú an Choiste Idir-Rannach ar Fhorbairt, a bunaíodh tar éis foilsíú an Pháipéir Báin ar Chúnamh Éireann.

Mar a tugadh faoi ndeara i dtuairiscí cheana, aithníonn an Coiste Iniúchta go bhfuil cuid mhór de bhuiséad Chúnamh Éireann i dtíortha an chláir stiúrtha trí chórais páirtithe rialtais mar thacaíocht do straitéisí laghdaithe bochtaineachta. Tagann an cinneadh cistí a stiúradh trí chórais an rialtais ag deireadh rannpháirtíocht fada leis an dtír páirtíochta agus ar mheasúnú den dtimpeallacht logánta airgeadais poiblí, agus tá sé déanta de ghnáth le deonaithe eile. Cuireann an Coiste béim ar an riachtanas do Chúnamh Éireann monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus ar an tionchar ar laghdú-bochtaineachta a baineadh amach trí úsáid bhuiséid earnála agus ginearálta. Molann an Coiste Iniúchta gur chóir do Chúnamh Éireann leanúint ag glacadh páirt le luachálacha ar thacaíocht bhuiséid (mar shampla, céim a dó de luacháil tacaíochta bhuiséid ginearálta OECD/DAC go bhfuil Coimisiún na hEorpa i gceannas air) agus aird a thabhairt ar na ceachtanna a thagann ós na luachála seo.

Moltaí:

Molann an Coiste Iniúchta:

- Gur chóir go mbeadh baint níos mó ag roghanna luachála an Aonaid Luachála agus Iniúchta le próifíl riosca an chláir chúnamh.
- Go leanann Cúnamh Éireann ag glacadh páirt le luachála ar thacaíocht bhuiséid ghinearálta agus go dtugann siad aird ar na ceachtanna a thagann as na luachálacha seo.

4. Riosca a Aithint

Ag tabhairt aird ar an dtimpeallacht ina fheidhmíonn an Clár Cúnamh, tá dearcadh an Choiste Iniúchta ar fhadhbanna riosca dírithe ar Chúnamh Éireann.

Tógann an Coiste Iniúchta ceann de na laghdaithe ins an dáileadh do Chúnamh Forbartha Thar Sáile ó lár 2008 mar chuid de fhreagra an Rialtais ar na deacrachtaí in airgeadais poiblí an Stáit. Tá an Coiste buartha faoi go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag na laghdaithe seo ar shláine an chláir chúnamh. Cabhraíonn na struchtúir atá imlínithe ins an rannóg *Timpeallacht Iniúchta na Roinne*, leis an leibhéal dearbhaithe i gcás úsáid cuí na gcistí poiblí. Measann an Coiste go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádann gach ceann des na struchtúir seo a chumas agus a acmhainní — ag cur béim air go bhfuil timpeallacht iniúchta láidir chomh tábhachtach i dtréimhse ciorraithe caiteachais is atá sé le linn tréimhsí leathnaithe an bhuiséid.

Tuigeann an Coiste Iniúchta go bhfuil measúnú riosca mar gné thábhachtach de chleachtais phleanála clár mór Chúnamh Éireann. Ag an am gcéanna, mar a moladh i dtuairisc na bliana seo caite, molann an Coiste do Chúnamh Éireann ráiteas polasaí iomlán ar riosca a chur le chéile. Ba chóir go gcuirfeadh an ráiteas teachtaireacht trasna gur gnáth rud riosca i

dtimpeallacht cúnamh forbartha, agus nach bhfuil suíomh drogallach roimh rioscaí comhsheasmhach le clár ceann-ródach, éifeachtach. Ba chóir go ndéanfadh an ráiteas mion-léiriú ar nádúr na rioscaí atá ós comhair Chúnamh Éireann, chomh maith, agus na straitéisí bainistíochta riosca a bunaíodh chun maolú a dhéanamh ar dhealraitheacht a dtarlaithe agus/nó ar thionchar rioscaí móra.

Tógann Cúnamh ceann de go bhfuil an clár cúnamh tar éis eirí i bhfad níos casta de réir mar ar leathnaigh sé ins na blianta le déanaí. Ag tabhairt aird ar an laghdú in airgeadais poiblí an Stáit, measann an Coiste go bhféadfadh sé a bheith cuí athbhreithniú a dhéanamh ar chastacht an chláir chun deimhin a dhéanamh de go bhfanann sé dírithe ar na haicmí san go bhfuil nirt ar leith ag Cúnamh Éireann iontu, agus go bhfuil an tairbhe is fearr bainte as na hacmhainní. Tá sé thar a bheith tábhachtach, chomh maith, go bhfuil fócas leanúnach ar thionchar a thomhas agus ar luach as an airgead a bhaint amach. Bheadh athbhreithniú dá leithéid comhsheasmhach go mór le dualgais na hÉireann speisialtóireacht rannach níos mó agus cleachtais deonacha a chomhchuibhiú, mar ar aontaíodh fúthu i nDearbhú Paris ar Éifeacht an Chúnamh agus i gClár Accra chun Ghnímh, 2008.

Tuigeann an Coiste go dtugann Cúnamh Éireann tacaíocht dos na tíortha is boichte ar domhan agus tá roinnt díobh rangaithe mar go bhfuil leibhéal ard breabaireachta acu agus droch-thionchar acu ar dhaoine bochta dá bharr. Tuigeann sé go ngineann obair i dtíortha le rialú lag ann riosca do dheonaithe, le Éirinn san áireamh ina measc. Admhaíonn an Coiste diongbháilteacht leanúnach Chúnamh Éireann aghaidh a thabhairt ar bhreabaireacht trí thrédhearcacht agus freagracht a fheabhsú, tacaíocht a thabhairt do institiúidí maoirseachta, do leasú parlaiminte agus dos na meáin neamhspleácha, agus acmhainn an tsochaí shibhialta a fhorbairt chun tionchar a bheith aige ar agus monatóireacht dhéanamh ar chinnidh pholasaí phoiblí.

Cé go bhfuil an Coiste sásta go ndéanann próiseas iniúchta Chúnamh Éireann iarracht dearbhú a sholáthar maidir le maoiniú poiblí, molann sé do Chúnamh Éireann, chomh maith, i dteannta le deonaithe eile, leanúint lena gcuid iarrachtaí díograiseacha ar neartú na gcóras smachta inmheánacha agus ar cheartú na laigí iniúchta in eagraíochtaí páirtíochta a chur chun cinn.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta, a aithníonn go bhfuil breabaireacht mar riosca atá mar bhun-thréith i dtimpeallacht cúnamh forbartha, roimh an Roinn do bheith ag tabhairt isteach cód cleachtais le haghaidh a foireann chun déileáil le breabaireacht in eagraíochtaí páirtíochta.

Sheas cúnamh iltaobhach Cúnamh Éireann i 2008 do thimpeall aon trian den Chúnamh Forbartha Thar Sáile ina iomlán. Fáiltíonn an Coiste roimh an cur chuige roghnach in aitheantas na ngníomhaireachtaí tosaíochta mar pháirtithe na NA, mar UNICEF, PFNA, UNHCR, UNFPA, WHO. Fáiltíonn sé, chomh maith, roimh fhorbairt creatlach freagrachta le haghaidh rannpháirtíocht Chúnamh Éireann ag leibhéil domhanda, il-deonach agus iltaobhach agus táthar ag súil, chomh maith, le cur síos a fháil ar cad tá bainte amach. Ag an leibhéal domhanda, bhí Cúnamh Éireann mar bhall gníomhach de Bhord PFNA i 2008. Ina theannta san, chuaigh Cúnamh Éireann le Gréasán Measúnaithe Comhlíonadh na hEagraíochta Iltaobhach (GMCEI) agus, sa chomhthéacs seo, bhí ról mór acu in athbhreithniú na Tansáine.

Dhein an Coiste Iniúchta, i dteannta leis an mBord Comhairleach le haghaidh Cúnamh Éireann, scrúdú i 2008 ar phróiseas leasaithe na NA, na forbairtí déanacha, ach go háirithe, ar chloí leis an gcóras ina iomlán, agus leis na córais mhaoirseachta (iniúchadh agus luacháil) i PFNA, UNICEF agus UNFPA. Thug na dealagáidí a dhéanann ionadaíocht ar an mBord Comhairleach agus ar an gCoiste Iniúchta cuairt ar Nua Eabhrach i Feabhra agus ar Vítneam i Meán

Fhómhair. Tá Vítneam mar cheann des na tíortha píolótacha le haghaidh an tionscnaimh Ag Seachadadh Le Chéile, atá mar cheann de eilimintí phríomha an chláir oibre leasaithe. Bhí páirt tábhachtach ag Éirinn i leasú na NA — agus bhí fianaise de seo i ról an Ionadaí Bhuain do na NA mar chomh-chathaoirleach (leis an Tansáin) ar na comhairliúcháin neamhfhoirmiúla ar chloí leis an gCóras iomlán.

Thóg an Coiste Iniúchta ceann de roinnt de chonclúidí na dealagáidí:

- Tá tacaíocht polaitiúil don bpróiseas leasaithe fíorthábhachtach ag an leibhéal is airde
- Tá leasú NA i Vítneam tiomáinte ag an Rialtas
- Caithfidh údarás an Comhordanáidí Ina Chónaí a bheith dearbhaithe
- Tá ról na hÉireann ins an bpróiseas dearfach
- Caithfidh deonaithe páirt iomlán a ghlacadh i leasú na NA

Tugann an Choiste Iniúchta tacaíocht don dTionscnamh Ag Seachadadh Le Chéile agus feiceann siad go bhfuil an féidearthacht aige comhordú níos mó a bhaint amach i measc eagraíochtaí na NA, gur chóir go mbeadh seachadadh cláir níos éifeachtaí mar thoradh air. Tugann an Coiste rabhadh go bhféadfadh an tairde dearfach atá ar an dtalamh a bheith níos mó de bharr chomh-iarrachtaí Rialtas Vítneam agus ionadaithe na NA sa tír, agus go bhfuil gá le páirt níos mó sa ngnó ag leibhéal an cheanncheathrú. Tá an Coiste buartha, chomh maith, nach luífeadh an múnla “NA Amháin” isteach go héasca le struchtúir rialaithe na n-eagraíochtaí éagsúla. Molann an Coiste d’Éirinn leanúint ag tógáil ról mór ins an bpróiseas leasúcháin.

Moltaí:

Molann an Coiste Iniúchta:

- Go bhfoilsíonn Cúnamh Éireann ráiteas polasaí a léiríonn suíomh Chúnamh Éireann ar bhainistíocht na rioscaí dúchasacha i gclár chúnaimh chasta;
- Go leanann Cúnamh Éireann, trína bhainistíocht agus a fhoireann iniúchta bunaithe sa pháirc, ag glacadh páirt le h-eagraíochtaí páirtíochta ag neartú córas smachta inmheánacha chun deimhin a dhéanamh de go gcaitear cistí go héifeachtach;
- Gur chóir do Chúnamh Éireann leanúint ag deimhniú go bhfuil a chórais bainistíochta dóthanach go leor chun:
 - (a) maolú, sa mhéid agus is féidir, an seans go bhféadfadh breabaireacht tarlú,
 - (b) fiosrú a dhéanamh ar eachtraí breabaireachta in eagraíochtaí páirtíochta agus gníomhaíochtaí cuí a thógáil in am, agus
 - (c) taifead des na fiosraithe go léir a stiúradh a choimeád;
- Gur chóir leanúint le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Polasaí Bainistíochta Riosca na Roinne;
- Go ndeimhníonn Cúnamh Éireann go gcuimsíonn a chreatlach bainistíochta riosca maoiniú soláthraithe go eagraíochtaí iltaobhacha;
- Go ndéanann Cúnamh Éireann athbhreithniú ar chastacht an chláir chúnaimh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé dírithe ar na haicmí san go bhfuil nirt áirithe ag Cúnamh Éireann iontu agus go bhfuil an úsáid is mó bainte as na hacmhainní. Ba chóir go gcuimseodh athbhreithniú dá leithéid na dualgais chun speisialtóireacht earnála níos mó agus armónú ar chleachtais na ndeonaithe a bhaint amach mar a bhí aontaithe faoi i nDearbhú Paris ar Éifeacht Cúnaimh.

- Go leanann Éire ag tógáil ról príomha i bpróiseas leasaithe na NA, le béim ar leith ar an dtionscnamh *Ag Seachadadh Le Chéile*.

5. Gnéithe Eagraíochta agus Acmhainne

Tar éis an cor chun donais drámata is déanaí agus an brú dá bharr ar airgeadais poiblí, cuireann an Rialtas srian ar gach Roinn Rialtais na costais pá rolla a laghdú. Beidh impleachtaí ag an mbreith seo ar an Roinn Gnóthaí Eachtrach, le Cúnamh Éireann san áireamh — ag am go bhfuil acmhainní ganna ag Cúnamh Éireann cheana féin chun na dúshláin a shásamh i gcás chlár cúnaimh casta a sheachadadh.

Dúirt an Coiste Iniúchta cheana go rabhadar buartha faoi leibhéil acmhainne Chúnamh Éireann go ginearálta, agus faoin Aonad Luachála agus Iniúchta, ach go háirithe. Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh earcú le déanaí de cadre Saineolaithe Forbartha do Chúnamh Éireann, gur chóir cabhrú le déileáil leis na srianta ar na hacmhainní.

Mar a luadh níos luaithe ins an dtuairisc seo, tá codán mór de bhuiséad Chúnamh Éireann i dtíortha an chláir stiúrtha trí córais pháirtithe an rialtais mar thacaíocht do straitéisí laghdú bochtaineachta. Ag tabhairt aird ar an ngá le tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht airgeadais agus Oifigí Iniúchta Náisiúnta a neartú i dtíortha a chlár, molann an Coiste Iniúchta do Chúnamh Éireann earcú agus cumas agus saineolas a fhorbairt in Aicme na Bainistíochta san Airgeadas Poiblí.

Críochnaíodh Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann in Iúil 2008. Tá brón ar an gCoiste Iniúchta faoin mhoill ag eisiúint na tuairisce agus táthar ag súil len é fháil chomh luath agus is féidir.

Tuigeann an Coiste Iniúchta, tar éis críochnaíocht an díláraithe go Luimneach, gur shocraigh an Roinn Cúnamh Éireann a imeascadh ina iomlán leis an gcuid eile

den Roinn. Cé go dtuigeann an Coiste Iniúchta go bhféadfadh imeascadh géilliúlacht iomlán níos mó a dheimhniú i dtéarmaí aidhmeanna polasaí eachtrach na hÉireann a bhaint amach agus go bhféadfadh sé éifeachtaí a sheachada, chomh maith, tá ceistanna ann fós faoi conas a oibreoidh an múnla imeasctha de bharr nádúr gnó Chúnamh Éireann agus faoi go bhfuil an Roinn lonnaithe i Luimneach. De bharr na n-athraithe seo, leanfaidh an Coiste Iniúchta ag déanamh monatóireachta ar an gclár cúnamh chun é féin a shásamh nár cuireadh isteach ar an gcaighdeán go diúltach.

Moltaí:

Molann an Coiste Iniúchta:

- Go gcoimeádann an Roinn an acmhainn bhainistíochta dhaonna faoi athbhreithniú chun deimhin a dhéanamh de go soláthraíonn straitéisí earcú foirne, coinneáil agus traenála an meascán cuí de cháilíochtaí a bhaineann le hairgeadas agus na scileanna chun éifeacht na gcóras bainistíochta airgeadais a dhéanamh chomh maith agus is féidir, don fhoireann.

- Go neartaíonn Cúnamh Éireann a acmhainn agus a shaineolas ins an Aicme Bainistíochta Poiblí.

the fact that the \mathbb{Z}_2 -action on \mathbb{R}^n is not free, the quotient space $\mathbb{R}^n/\mathbb{Z}_2$ is not a manifold. However, the quotient space $\mathbb{R}^n/\mathbb{Z}_2$ is a manifold with boundary, where the boundary is the set of fixed points of the \mathbb{Z}_2 -action, which is a hyperplane through the origin.

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M , denoted by ∂M , is the set of points in M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^n . The interior of M , denoted by $\text{int} M$, is the set of points in M that do have such a neighborhood.

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Let M be a manifold with boundary. The boundary of M is a manifold with boundary, where the boundary of ∂M is the set of points in ∂M that do not have a neighborhood homeomorphic to an open ball in \mathbb{R}^{n-1} .

Aguisíní

Aguisín 1

Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta i 2008

13 Feabhra

10 Márta

29 Aibreán

10 Meitheamh

10 Meán Fómhair

14 Deireadh Fómhair

26 Samhain

15 Nollaig

Aguisín 2

Doiciméid Tábhachtacha gur Bhreathnaigh an Coiste Iniúchta Orthu

Cód Cleachtais an Roinn Gnóthaí Eachtrach — Ag déileáil le Breabaireacht in Eagraíochtaí Páirtíochta

Tuairisc ar Mhapáil Próisis Cheadaithe Chúnaimh Éireann

Tuairisc ar an mBord Comhairleach / Comhthionscnamh an Choiste Iniúchta ar na NA

Tuairiscí Iniúchta ar Chaiteachas do 2006

Luach As An Airgead do Sheirbhís na bPas

Clár Oibre Accra le haghaidh Ghníomhaíochta

Luacháil agus Pleananna Oibre Iniúchta.

Aguisín 3

Léiriúcháin Faighte ag an gCoiste Iniúchta

Fuair an Coiste Iniúchta na léiriúcháin seo a leanas le linn 2008:

Tionchar a Thomhas: Clár Cúnamh Éireann agus Domhanda — Fr. Gerard O'Connor, Cathaoirleach, an Coiste Iniúchta (Feabhra 2008)

Éifeacht Cúnaimh — Liz Higgins, Rannóg Teicniúil (Márta 2008)

Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise — Dul chun cinn déanta i dtíortha cláir Chúnamh Éireann — Seán Mac Mahon, Tíortha an Chláir Deasca 1 (Márta 2008)

Forbairtí i dTíortha Cláir na Bainistíochta Airgeadais Poiblí — Gerard Considine, Rannóg Theicniúil (Márta 2008)

Tabhairt suas chun dáta i gcás forbairtí déanacha i gCúnamh Éireann ag an Ard Rúnaí, Ronan Murphy agus ag an Leas Ard-Rúnaí, Brendan Rogers (Meitheamh 2008)

Tabhairt suas chun dáta i gcúrsaí a bhaineann le Vóta 28 ag an Leas Rúnaí Adrian O'Neill, Ceannaire Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha, (Deireadh Fómhair 2008)

Tabhairt suas chun dáta ar Chur i bhFeidhm na moltaí a bhaineann le h-iniúchadh — Lisa Walshe, Rannóg Forbartha Corparáideach (Deireadh Fómhair 2008)

Léiriúcháin éagsúla le linn na bliana ag an Aonad Luachála agus Iniúchta.

Aguisín 4 - Achoimre ar an gCaiteachas 2008²

Vote 28: Gnóthaí Eachtracha

	Measta €000	Outturn €000
Riarachán		
A.1. Tuarastail, Pá agus Liúntais	104,237	98,599
A.2. Taisteal agus Cothú	8,517	7,324
A.3. Costais Teagmhasacha	5,943	6,507
A.4. Soláthar Poist agus Teileachumarsáide	8,432	10,238
A.5. Innealra Oifige agus Soláthar Oifige eile agus Seirbhísí Gaolmhara	29,573	25,739
A.6. Costais Foirgneamh Oifige	35,863	34,555
A.7. Seirbhísí Comhairleacha	470	244
A.8. Luach As an Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí	100	36
Costais Riarachláin Iomlána	193,135	183,242
Caiteachas an Chláir		
B. Aisdúichiú agus Cothabháil ar Mhuintir na hÉireann i dTrioblóid thar sáile	79	36
C. Tacaíocht do Sheirbhísí Imircigh Éireannacha	15,183	15,183
D. Seirbhísí Eolais	578	648
E. Ranníocaíochtaí do Eagraíochtaí in Éirinn le haghaidh chun cabhrú le caidreamh Idirnáisiúnta — (Deontais mar Chúnamh)	320	320
F1. Comhar Thuaidh Theas agus Comhar Angla-Éireannach	7,000	9,084
F2. Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	195	195
G. Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile — (Deontais mar Chúnamh)	891	891
H. Bord Comhairleach Eacnamaíochta Gaeil Meiriceánach	28	13
I. Ranníocaíochtaí do Eagraíochtaí Idirnáisiúnta	44,480	38,103
J. Gníomhaíochtaí Iarmhartacha ar Theideal V den gConradh ar an Aontas Eorpach	582	582
K. Cabhair don AE agus do Stáit eile in Iarthar na hEorpa	1,715	1,193
L. Tionscnamh Dorchla an Atlantaigh	250	250
M. Straitéis na hÁise	200	182
N. Tacaíocht do Chistí Éireannacha	2000	0
O. Reifreann ar Chonradh Leasaithe an AE	5801	5,738
Caiteachas Iomlán an Chláir	79,302	72,418
Caiteachas Comhláin	272,437	255,660
P. Leithreasú mar Chúnamh	39,000	38,165
Caiteachas Glan	233,437	217,495

² Figiúirí réamh-iniúchta

Aguisín 4 - Achoimre ar an gCaiteachas 2008

Vote 29: Comhar Idirnáisiúnta

	Soláthar Meastacháin €000	Tairgeacht €000
Seirbhís		
Riarachán - Fotheidil A1/7		
A.1. Tuarastail, Pá agus Liúntais	18,890	18,838
A.2. Taisteal agus Cothabháil	3,050	2,966
A.3. Costais Teagmhasacha	2,292	2,347
A.4. Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	3,205	2,129
A.5. Innealra Oifige agus Soláthar Oifige Eile agus Seirbhísí Gaolmhara	1,363	1,418
A.6. Costais Foirgnimh Oifige	3,580	3,356
A.7. Seirbhísí Comhairleacha	3,120	3,839
A.8. Luach As An Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí	200	190
Fo-iomlán	35,700	35,083
Seirbhísí Eile		
B. Íocaíocht don gCiste Deontas mar Cúnamh le haghaidh Chúnamh Dhéthaobhaigh agus Comhar eile (Deontas mar Cúnamh)	559,100	529,150
C. Cúnamh Daonnúil Éigeandála	90,000	87,000
D. Íocaíochtaí do Chistí Idirnáisiúnta le haghaidh Thairbhe do do Thíortha ag Forbairt	36,000	30,993
E. Ranníocaíochtaí dos na Náisiúin Aontaithe agus do Ghníomhaireachtaí Forbartha eile	93,400	86,349
Fo-iomlán	778,500	733,492
Iomlán Comhláin	814,200	768,574
F. Leithreasú mar Cúnamh (Déaduchtaigh)	150	997
Iomlán Glan	814,050	767,578

Aguisín 5 - Iniúchtaí, Luachálacha agus Athbhreithnithe Luach As an Airgead i 2008³

Iniúchadh - Vote 28

Chríochnaigh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta agus thuariscíodar ar iniúchtaí ar Mhisin thar saile, a bhí déanta déanach i 2007. Siad na Misin a clúdaíodh ná:

Budapest

New Delhi

Washington D.C.

Prague

Iniúchadh - Vote 29

Leagann an tábla thíos amach leibhéal an chlúdach iniúchta a bhí bainte amach chuige seo i dtíortha an chláir. Tá clúdach iniúchta bainte amach trí:

- Obair iniúchta déanta go díreach ag Aonad Luachála agus Iniúchta Chúnamh Éireann, agus ag iniúcháirí inmheánacha bunaithe i Misin i dtíortha an chláir;
- Iniúchtaí déanta ag eagraíochtaí iniúchta atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus coimisiúnaithe ag Cúnamh Éireann;
- Tuairiscí iniúchta faighte ó eagraíochtaí páirtíochta (m.sh. iad san déanta ag Oifigí Iniúchta Náisiúnta agus ag Eagraíochtaí neamh-Rialtais).
- Iniúchtaí chomh-mhaoinithe ag deonaí de chláir nó de thionscnaimh sonracha

Clúdaíonn na h-iniúchtaí seo cláir agus tionscnaimh atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann, agus baineann siad le caiteachas ins na blianta airgeadais 2006 agus 2007.

Tír	2007	2006*
An Aetóip	74	95
Leosóta	79.1	94.7
Mósaimbíc	57	95
An Afraic Theas	95	93
An Tansáin	19 ⁴	76
An Tiomór	90	95
Uganda	77	96
An tSaimbia	90	90

* Figiúirí tugtha suas chun dáta uatha san a bhí tuairiscithe i dTuairisc Bhliantúil 2007 an Choiste Iniúchta agus aird tugtha ar thuariscí faighte ina dhiaidh san.

Luacháil

Vóta 29 Luachálach críochnaithe i 2008:

- Páipéir Straitéise Tiomor Leste, 2003-2008
- Clár Timpeallachta Páirtithe Straitéiseacha Chúnamh Éireann, 2006-2008
- Tionscnamh e-Scoileanna agus Pobail

Vóta 29 Luachálacha ag dul ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2008:

- Tacaíocht Chúnamh Éireann do Dóchas, 2006-2008
- Athbhreithniú ar Thacaíocht Chúnamh Éireann do Chláir Ordnáise Neamh-phléasctha i PDR Lao agus Dí-Mhaoiniú i Cambodia
- Clár Ullmhachta Tubaiste agus acmhainní Áitiúla le haghaidh Síochána, Deisceart na Súdáine

Chomh-luachála Deonaithe stiúrtha le rannpháirtíocht Chúnamh Éireann i 2008:

- Páirtíocht Idirnáisiúnta le haghaidh Micreabicides

Athbhreithnithe Luach As an Airgead

Thug an Roinn aghaidh ar chúig athbhreithniú a chlúdaíonn an dá Vóta faoi babhta 2006 go 2008 den dTionscnamh Luach As An Airgead.

Vóta 28:

- Tacaíocht do Ghrúpaí Imirceacha Éireannacha Thar Sáile
- Athbhreithniú ar Sheirbhís na bPas

Vóta 29:

- Tacaíocht Chúnamh Éireann do Thíortha gur chuir an Tsunami Isteach Orthu
- Luacháil ar Thíortha Cláir Mósaimbíc 2001 — 2006
- Athbhreithniú Polasaí agus Luach as an Airgead ar tacaíocht Chúnamh Éireann ar VEID agus SEIF, 2000-2007

- 3 Ba chóir an t-aguisín seo a léamh i dteannta leis an rannóg Iniúchadh Inmheánach de Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta ins an dtuairisc seo.
- 4 Ag an am priontála, ní raibh roinnt tuairiscí faighte fós de bharr ama deireadh bliain airgeadais Rialtas na Tansáine.